# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013

# LÉANN CLASAICEACH - ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN 20 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go 12.00

Tá ceisteanna anseo ar **dheich dtopaic**.
Tá na topaicí roinnte mar seo a leanas:
Topaicí 1 - 5 = **ROINN A** – An Saol Gréagach
Topaicí 6 - 10 = **ROINN B** – An Saol Rómhánach

Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **chúig thopaic**, mar leanas:
**dhá** thopaic as **ROINN A**;
**dhá** thopaic as **ROINN B**;
an **cúigiú** topaic as **ROINN A** nó **B**.

Tá 80 marc ag gabháil le gach topaic.
Marcanna iomlána don pháipéar = (80x5) = 400.

Na fótagraif a bhfuil gá leo chun roinnt de na ceisteanna a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

| **ROINN A – An Saol Gréagach** | **ROINN B – An Saol Rómhánach** |
|---|---|
| Topaic 1: Fraoch Aichill. | Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta. |
| Topaic 2: An Ghréig agus An Pheirs. | Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide. |
| Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas. | Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar. |
| Topaic 4: Micéiné agus An Traí. | Topaic 9: Cathair Rómhánach – An Phoimpé. |
| Topaic 5: Acrapoil na hAithine. | Topaic 10: An tArm Rómhánach. |



[Thall

## ROINNN A
## An Saol Gréagach

**Topaic 1: Fraoch Aichill.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** – *(a), (b)* agus *(c).*

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén t-ainm a tugadh ar fhir Aichill?

(ii) I Leabhar 6 cén fáth a raibh eagla ar Astyanax?

(iii) Cérbh é Peleus?

(iv) Cén comhartha a sheol Séas le taispeáint go mbeadh aistear sábháilte ag Priam?

(v) Cérbh é Neastór?

(vi) Déan staidéar ar Fhótagraf **1** ar Pháipéar **X** ina dtaispeántar radharc as Leabhar 24 den **Íliad**. Mínigh cad atá ar siúl ann. (24)

(*b*) (i) Déan cur síos achomair ar na heachtraí a tharla roimh bhás Patroclus i Leabhar 16 den **Íliad**. (16)

(ii) I do thuairim, ar bhásaigh sé de bharr na Cinniúna (An Chinniúint) nó de bharr a mhórtais féin, nó mar gheall ar an dá rud seo le chéile?
Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(iii) Mínigh cén fáth ar chuir Cinniúint Aichill Téitis ag caoineadh i Leabhar 24 den **Íliad**. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as leabhar 5 den **Íliad** agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Labhair Pallas Aitéiné le Diomedes: 'Anois, a Diomedes, tig leat troid in aghaidh na dTraíoch go lánmhuiníneach! Ta do chroí líonta agam le diongbháilteacht gan scáth. Chomh maith leis sin tá an ceochán scuabtha agam de do shúile agus chuir mé ar do chumas na déithe a idirdhealú ó na fir. Anois, sa chás go dtiocfadh dia anseo chun tú a thástáil, ná téigh ag troid le dia ar bith díobh - amach ó aon eisceacht amháin. Má thagann Afriadíté, iníon le Séas, isteach sa chath, sáigh í le do shleá ghéar.' D'imigh Diomedes agus chuaigh sé i ngleic arís leis na tulranganna. Fiú gan Aitéiné, bhí sé meáite ar an namhaid a ionsaí arís, agus anois bhí a thrí oiread diongbháilteachta ann, ar nós leoin ar ghoin aoire i mbun na gcaorach lomrach ar fheirm fhorimeallach é agus é ag léim thar an gclaí - ach ar theip air é a mharú. Ní dhéanann sé ach an leon a chur le cuthach níos mó, ach anois ní thig leis é a choimeád amach, agus mar sin téann sé isteach i measc na dtréad, agus ritheann na caoirigh tréigthe leo faoi scaoll. Fágtar iad carntha in aghaidh a chéile, agus an leon atá chomh diongbháilte is a bhí sé riamh, léimeann sé thar an mballa ard agus éalaíonn sé - ba le diongbháilteacht dá leithéid a thug Diomedes neartmhar fogha faoi na Traígh.

(i) Conas a chabhraíonn Aitéiné le Diomedes? (6)
(ii) Cé na treoracha a thugann sí do Diomedes? (6)
(iii) Luaigh bealach **amháin** ina gcabhraíonn sí le hAichill i Leabhar 22. (4)
(iv) Aimsigh an tsamhail ina ndéantar cur síos ar Diomedes. An bealach éifeachtach é le cur síos a dhéanamh ar a theacht ar ais go páirc an chatha?
Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

**(80 marc)**

**Topaic 2: An Ghréig agus An Pheirs.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** – *(a), (b)* agus *(c).*

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Ainmnigh an Rí Spartach a chuaigh in éineacht le Xeirséas mar chomhairleoir.

(ii) Déan staidéar ar Fhótagraf **2** ar Pháipéar **X**. Cén sórt loinge a thaispeántar ann?

(iii) Cérbh iad na Neacha Buana?

(iv) Cén dia a raibh oileán Déileas tiomnaithe dó?

(v) Nuair a tháinig Pausanias ar phuball Mardonius tar eis bhua na nGréagach in Platae, cad a rinne sé?

(vi) Cad a tharla do Theimisticléas i 472 R.Ch.? (24)

(*b*) (i) Luaigh **dhá** áit a ghabh na Peirsigh nuair bhí siad ar a n-aistear thar an Muir Aeigéach i 490 R.Ch. (8)

(ii) Cérbh í an t-aon chathair amháin a chabhraigh leis na hAithnigh i gcath Mharatóin? (8)

(iii) Déan cur síos achomair ar chath Mharatóin. Tig leat léaráid a úsáid mar chuid de do fhreagra. (16)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **The Histories** le Héaradatas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Nuair a chasann Peirsigh ar a chéile ar na sráideanna, is féidir a dhéanamh amach i gcónaí ón gcaoi a mbeannaíonn siad dá cheile an den aicme chéanna iad nó nach ea, mar ní labhraíonn siad ach pógann siad – iad siúd ar comhchéim leo ar an mbéal agus iad siúd ar chéim beagáinín níos airde ar na leicne. Sléachtann fear as aicme an-íseal go talamh le hómós an-mhór. I ndiaidh a náisiúin féin, tugann siad an onóir is mó do na comharsana is gaire dóibh, ina dhiaidh sin do na cinn is gaire dóibh siúd arís - agus mar sin de, agus bíonn a meas ag laghdú de réir mar a bhíonn an fad slí ag méadú, agus is ar na náisiúin is faide i gcéin uathu a bhíonn an dímheas is mó. Airíonn siad go bhfuil siad féin níos fearr ar gach bealach ná gach duine eile ar domhan, agus ceadaíonn siad sciar de dhea-cháilíochtaí do náisiúin eile, a laghdaíonn de réir fad slí, agus is iad na cinn is faide i gcéin is measa.

(i) Conas a bheannaíonn na Peirsigh do dhaoine ar an tsráid atá ar chéim níos airde ná iad **agus** do dhaoine atá ar comhchéim leo, dar le Héaradatas? (6)

(ii) I gcodarsnacht leis sin, cad a dhéanann fear as aicme an-íseal? (6)

(iii) Cén tuairim atá ag na Peirsigh fúthu féin **agus** faoina gcomharsana? (6)

(iv) Tar éis duit an sliocht **seo** a léamh, cén tuairim atá agat faoi na Peirsigh? (6)

**(80 marc)**

**Topaic 3: Beatha ags Bás Shocraitéas.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** – *(a), (b)* agus *(c).*

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén aois inar rugadh Sócraitéas?

(ii) Ainmnigh ceann **amháin** de na dreamanna a cheistigh Sócraitéas ionas go ndéanfaí tástáil ar an oracal a tugadh dó mar gheall air féin.

(iii) Ainmnigh ceann **amháin** de na háiteanna ina ndearna Sócraitéas seirbhís mar shaighdiúir.

(iv) Cén fáth ar sheol na hAithnigh bád go dtí Déileas gach bliain?

(v) Conas a bhí Críotó in ann dul isteach sa phríosún chun cuairt a thabhairt ar Shócraitéas?

(vi) Cérbh é Evenus as Paros? (24)

(*b*) (i) Tabhair breac-chuntas ar na príomhchúisimh a rinneadh in aghaidh Shócraitéas san **Apology** le Platón. (8)

(ii) Cad iad na hargóintí a d'úsáid Sócraitéas chun é féin a chosaint? (12)

(iii) Cé na cúiseanna a thug Sócraitéas do Chríotó nár éalaigh sé ón Aithin? (6)

(iv) An bhfuil meas agat ar Shócraitéas? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (6)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as an gcoiméide Gréagach **Na Scamaill**, agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**STREPSIADES:** [*ag tarraingt na n-éadaí leapa thar a cheann*] A dhiabhail! Na míolta leapa sin arís!
**SÓCRAITÉAS:** Anois ná bí ag lúbarnaíl. Agus má bhíonn aon smaoineamh ag cruthú deacrachta duit, scaoil uait é, tarraing siar tamailllín, agus ansin lig do d'inchinn dul ag obair air arís, á bhogadh timpeall agus á mheá. [*Tá sé ar tí imeacht nuair a ghlaonn gáir ar ais é.*]
**STREPSIADES:** [*ag éirí as an leaba go buíoch agus le fonn*]: A Shócraitéas! A Shócraitéas, mo chuid den saol!
**SÓCRAITÉAS:** Is ea, cad é?
**STREPSIADES:** Tá smaoineamh agam chun ús a sheachaint.
**SÓCRAITÉAS:** Inis dom cad é.
**STREPSIADES:** Cuir i gcás gur cheannaigh mé scalábhaí Teasálach**,** cailleach feasa, agus gur áitigh mé uirthi an ghealach a tharraingt anuas oíche amháin, agus ansin gur chuir mé i mbosca í mar a dhéantar le scátháin, agus gur choimeád mé súil ghéar uirthi.
**SÓCRAITÉAS:** Cén mhaith a dhéanfadh sé sin duit?
**STREPSIADES:** Bhuel, mura n-éiríonn an ghealach riamh, ní íocfaidh mé aon ús riamh.
**SÓCRAITÉAS:** Cén fáth nach n-íocfaidh?
**STREPSIADES:** Cén fáth nach n-íocfaidh? Mar déantar é a áireamh in aghaidh na míosa, ar ndóigh.
**SÓCRAITÉAS:** Tá sé sin an-mhaith ar fad.

(i) Cad a deir Sócraitéas le Strepsiades a dhéanamh má bhíonn trioblóid aige le smaoineamh? (8)

(ii) Cén smaoineamh atá ag Strepsiades ionas nach n-íocfaidh sé ús? Conas a fhreagraíonn Sócraitéas dó siúd? (8)

(iii) Cén chosúlacht atá ann idir an Sócraitéas a thaispeántar sa sliocht seo leis an Sócraitéas a bhfuil staidéar déanta agat air i do théacsanna? (8)

**(80 marc)**

**Topaic 4: Micéiné agus an Traí.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** – *(a), (b)* agus *(c).*

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad é ba ea an Simois?

(ii) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **3** ar Pháipéar **X.**

(iii) Cérbh é Oraistéas? Cén bhean a mharaigh sé?

(iv) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **4** ar Pháipéar **X**? Cá háit ar aimsíodh é?

(v) Ainmnigh rí na Traí agus duine **amháin** dá mhic.

(vi) Cad a thug na Gréagaigh agus na Traígh ar an gcaolas uisce taobh ó thuaidh den Traí? (24)

(*b*) (i) Déan cur síos ar na himeachtaí ba chúis le Cogadh na Traí? (12)

(ii) Tabhair cuntas ar thochaltáin Heinrich Schliemann sa Traí. (12)

(iii) Conas a chuir Wilhelm Dorpfeld lenár dtuiscint ar an suíomh seo? (8)

(*c*) (i) Déan staidéar ar phlean Mhicéiné i bhFótagraf **5** ar Pháipéar **X**, agus sainaithin na gnéithe atá marcáilte **A** agus **B**. (6)

(ii) Conas a chabhraigh Michael Ventris linn tuiscint a fháil ar Mhicéiné? (6)

(iii) Ainmnigh tuama tólais cáiliúil. Tabhair cur síos achomair ar na gnéithe de thuama tólais. Tig leat léaráid ar a bhfuil lipéadú cruinn a úsáid mar chuid de do fhreagra. (8)

(iv) Seachas Micéiné féin, ainmnigh pálás Micéinéach **amháin** eile. (4)

**(80 marc)**

**Topaic 5: Acrapoil na hAithne.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** – *(a), (b)* agus *(c)*.

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad is ciall leis an bhfocal Acrapoil?

(ii) Cérbh é Mnesicles?

(iii) Cé a thaispeántar i bhFótagraf **6** ar Pháipéar **X**? Cad atá á chaitheamh aige ar a cheann?

(iv) Cá háit ar coimeádadh an tseandealbh d'Aitéiné a rinneadh as adhmad olóige?

(v) Ainmnigh drámadóir Gréagach **amháin** ar cuireadh a chuid drámaí i láthair i dTéatar Dhinísis.

(vi) Cad a tharla don Phartanón i 1687? (24)

(*b*) (i) Déan cur síos ar an ord **Iónach** ailtireachta agus bain úsáid as na téarmaí cearta. Tig leat léaráid ar a bhfuil lipéadú cruinn a úsáid mar chuid de do fhreagra. (12)

(ii) Cén fáth ar tugadh teampall peiripteireach ar an bPartanón? (4)

(iii) Déan cur síos ar **thrí** cinn de na gnéithe ailtireachta seo a leanas san **Ord Dórach:** Meatóp; triglif; peidiméid; colún Dórach. Tig leat léaráid lipéadaithe a úsáid mar chuid de do fhreagra. (12)

(iv) Cén fáth a raibh an Partanón tiomnaithe d'Aitéiné? (4)

(*c*) (i) Déan staidéar ar an dealbh a thaispeántar i bhFótagraf **7** ar Pháipéar **X.** Cén sórt deilbhe atá ann agus cá háit a raibh sí le fáil? (6)

(ii) Déan staidéar ar an dealbhóireacht ó fhríos an Phartanóin a thaispeántar i bhFótagraf **8** ar Pháipéar **X**. Cá háit go baileach ar an bPartanón a raibh an fríos seo le fáil? Tig leat léaráid a úsáid mar chuid de do fhreagra. (6)

(iii) An dtaitníonn an dealbhóireacht seo leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (6)

(iv) Cén fáth gur gné neamhghnách é an fríos seo ar theampall ar nós an Phartanóin? (6)

**(80 marc)**

## ROINN B

## An Saol Rómhánach

**Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** – *(a), (b)* agus *(c).*

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth ar theastaigh ó Ágastas Caesar go scríobhfadh Veirgil an **Aenéid**?

(ii) Cén duais a gheall Iúnó d'Aeólas as an stoirm ar muir a chruthú?

(iii) "Bíonn eagla orm roimh na Gréagaigh, go mór mór agus bronntanais leo." Cé a dúirt é seo agus cé dó a raibh sé ag tagairt?

(iv) Conas a maraíodh Priam agus cé a mharaigh é?

(v) Cérbh í Creusa agus cad a tharla di?

(vi) Cad a thugann le tuiscint d'Aeinéas nach mór dó an Chartaig a fhágáil? (24)

(*b*) (i) Luaigh **dhá** ghníomh nach mór d'Aeinéas a dhéanamh sula bhféadann sé dul isteach sa Domhan Thíos. (8)

(ii) Tabhair cuntas ar a bhfeiceann Aeinéas ar an mbealach isteach go dtí an Domhan Thíos. (8)

(iii) Déan cur síos ar aistear Aeinéas sa Domhan Thíos. Luaigh na daoine a chastar air agus mínigh cad a fhoghlaimíonn sé maidir lena thodhchaí. (16)

(*c*) Déan staidéar ar Fhótagraf **9** ar Pháipéar **X**. Taispeántar Aeinéas ann lena theaghlach.

(i) Minigh cén fáth a dtaispeántar Ascanius le sciatháin air. (9)

(ii) Cén t-ainm a bhí ar athair Ascanius? (5)

(iii) Luaigh ainm amháin eile a thugtaí ar Ascanius. (5)

(iv) Cá háit ar rialaigh Ascanius tar éis do na Traígh teacht chuig an Iodáil? (5)

**(80 marc)**

**Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide: An Saighdiúir Maíteach.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** – *(a), (b)* agus *(c)*.

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth ar úsáid na haisteoirí sa dráma 'seachfhocail' uaireanta?

(ii) "Is ea, céad go leith sa Chilic (Cilicia), céad i Scytholatronia ... seasca de na Macadónaigh a maraíodh, is é sin, in aon lá amháin." Cé a deir é seo agus cé leis a bhfuil sé ag caint?

(iii) Cérbh é Pleusicles? Cá háit a raibh a bhaile dúchais?

(iv) Cén fáth ar tugadh "bád teachtaireachtaí" ar Milphidippa?

(v) Cén uair a chuirtí drámaí i láthair sa tSean-Róimh de ghnáth?

(vi) "Déan iarracht éirí as an gcaoineadh anois. Maith an cailín." Cé a deir é seo agus cé leis a bhfuil sé ag caint? (24)

(*b*) (i) Cé hé Periplectomenus? Cén tuairim atá aige de féin? (12)

(ii) Mínigh cén fáth nach dteastaíonn uaidh go mbeadh bean chéile ná páistí aige. (12)

(iii) Cé hí Acroteleutium?
Scríobh nóta gairid ar a ról in **An Saighdiúir Maíteach.** (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as dráma eile dar teideal **Pseudolus** le Plátas. Is éard atá sa sliocht seo ná an réamhrá iomlán.

Réamhrá: Má theastaíonn ó aon duine seasamh suas agus a chosa a shíneadh, seo é an t-am chun é a dhéanamh. Is é an chéad mhír eile ar an gclár ná dráma le Plátas – agus is ceann fada é.

(i) Luaigh cosúlacht **amháin agus** difríocht **amháin** idir an réamhrá seo agus an réamhrá in **An Saighdiúir Maiteach**. (8)

(ii) Cé a labhraíonn an réamhrá in **An Saighdiúir Maiteach**? (6)

(iii) Tar éis duit an réamhrá in **An Saighdiúir Maiteach** a léamh cad é do thuairim faoi Pyrgopolynices? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

**(80 marc)**

**Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** – *(a), (b)* agus *(c)*.

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cé a dúirt é seo maidir le Caesar: "Is iomaí Mairias atá sa bhuachaill seo"?

(ii) Cad air a rinne Caesar staidéar faoi Apallóinias Ródas?

(iii) Cé a fuair amach go raibh Clóidias i láthair i dteach Chaesair ag Féile an Bhandé Mhaith?

(iv) Cén fáth ar bhris an gol ar Chaesar nuair a bhí stair Alastair Mhóir á léamh aige?

(v) Conas a tharraing Cléópatra aird Chaesair uirthi féin den chéad uair?

(vi) Cérbh í Calpurnia?

(24)

(*b*) (i) Rianaigh an cúrsa i saol Chaesair ón uair a rinneadh consal de (60 R.Ch) go dtí gur thrasnaigh sé an Rubicon i 49 R.Ch. Ba chóir duit tagairt a dhéanamh i do fhreagra don rath a bhain leis mar pholaiteoir agus mar cheannaire míleata. (24)

(ii) Sainaithin gné **amháin** de charachtar Chaesair a thaitníonn leat **nó** nach dtaitníonn leat. Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Julius Caesar** le Shakespeare agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**Fear Feasa:** Seachain Íodh Márta
**Caesar:** Cé hé an fear sin?
**Brutus:** Molann Fear Feasa duit Íodh Márta a sheachaint.
**Caesar:** Cuir os mo chomhair é. Lig dom a aghaidh a fheiceáil.
**Cassius:** A dhuine, tar amach as an slua; breathnaigh ar Chaesar.
**Caesar:** Cad a deir tú liom anois? Labhair uair amháin eile.
**Fear Feasa:** Seachain Iodh Márta.
**Caesar:** Is aislingeach é, fágaimis é, téigh thairis.

(i) Cad ba Fear Feasa ann? (6)

(ii) Cad ba "Íodh Márta" ann? (6)

(iii) Dar le **Beatha Chaesair** le Plútarc, fuarthas rabhaidh go raibh bás Chaesair ag teacht. Tabhair sampla de cheann **amháin** de na rabhaidh nó de na tuartha seo. (6)

(iv) Cén comhartha a bhí ann don ionsaí marfach ar Chaesar i dTéatar Phoimpéas? (6)

**Topaic 9: Cathair Rómhánach - An Phoimpé.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** – *(a), (b)* agus *(c)*.

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **10** ar Pháipéar **X**? Cé a chaithfeadh é?

(ii) Déan staidéar ar Fhótagraf **11** ar Pháipéar **X.** Cén réigiún sa Phoimpé a thaispeántar? Tabhair píosa **amháin** fianaise chun tacú le do fhreagra.

(iii) Cad is *garum* ann?

(iv) Cad a rinne na haeidíligh?

(v) Cad is *palla* ann?

(vi) Cad is *impluvium* ann? Cá raibh sé le fáil? (24)

(*b*) Scríobh cur síos ar **dhá** ghné ar bith de na gnéithe seo a leanas i saol na Poimpé:

(i) Siamsaíocht phoiblí
(ii) Beatha sclábhaí
(iii) Oideachas. (16 x 2)

(*c*) (i) Cad a thaispeántar i bhFótagraf **12** ar Pháipéar **X**? Cá háit a mbeadh a leithéid suite? (6)

(ii) Cérbh í bandia pátrúnachta na Poimpé?
Cé a bhunaigh an choilíneacht Rómhánach sa Phoimpé? (6)

(iii) Ainmnigh **dhá cheann** eile de na déithe nó bandéithe a raibh teampaill acu sa Phoimpé. (6)

(iv) Cén dia a ndéantaí é a adhradh i Villa na Rún? (6)

**(80 marc)**

**Topaic 10: An tArm Rómhánach.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** – *(a), (b)* agus *(c).*

*(a)* Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad ba cohórt ann san arm Rómhánach?

(ii) Luaigh ceann **amháin** de na gealltanais a dhéanadh earcach i Léigiún Rómhánach agus é ag dul isteach san arm.

(iii) Cad ba Gharda Praetóireach ann?

(iv) Ainmnigh **dhá** fhoirgneamh i ndúnfort Rómhánach.

(v) Cad ba chiall le deachú?

(vi) Cérbh é Mitreas? (24)

(*b*) (i) Scríobh cuntas ar chath rathúil a throid na Rómhánaigh in aghaidh na gCeilteach.
Cuir isteach i do fhreagra:
- an gnáthamh a tharlaíonn roimh an gcath
- na modhanna ionsaithe agus an airtléire a d'úsáideadh na Rómhánaigh le linn catha
- conas mar a chosnaíodh na Ceiltigh iad féin
- aon sonra eile a bhaineann le hábhar. (24)

(ii) Ainmnigh **dhá** ghradam a d'fhéadfadh go mbronnfaí ar shaighdiúir as a chrógacht i gcath. (8)

(*c*) Taispeántar pictiúr i bhFótagraf **13** ar Pháipéar **X** de léigiúnach Rómhánach ina éide chatha. Déan staidéar ar an bhfótagraf agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cad as a bhí clogad an léigiúnaigh déanta? Luaigh **dhá** bhealach ina dtugadh sé cosaint don léigiúnach. (9)

(ii) Cad é a bhí chomh cliste sin faoin gcaoi ar dearadh a éide chatha? (5)

(iii) Conas a dearadh a chuaráin le haghaidh máirseálacha fada? (5)

(iv) Cén fáth ar tugadh miúileanna Mhairias ar shaighdiúirí Rómhánacha? (5)

**(80 marc)**

# Leathanach Bán